

1

LEABHAR GNÍOMHAÍOCHTA

SLÍ NA SEODLAINNE

CHUN EOLAS A CHUR AR AN TSEODLANN – TAISPEÁNTAS

D'ÉIRINN SA RÉ CHEILTEACH AGUS SA LUATHRÉ CHRÍOSTAÍ

2



3

4

5

6

7

Cuir romhat gach déantán ar an tslí a fheiceáil, agus an déantán nó cuid de a tharraingt go cúramach, díreach mar a dhéanfadh seandálaí!

ARBH EOL DUIT?

SEODLANN IS EA ÁIT INA GCOIMEÁDTAR RUDAÍ LUACHMHARA GO SÁBHÁILTE. BHÍODH SEODLANN I SÉIPÉIL ÁIRITHE SA SEANAÍMSIR, CHUN RUDAÍ NAOFA TÁBHACHTACHA A CHOIMEÁD INTI.

8

museum

National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

Archaeology

AN TSLÍ ISTEACH I SLÍ NA SEODLAINNE. TRÍD AN ÁIRSE LEAT AGUS CUARDAIGH CORN FADA CRÉ-UMHA.



CORN CRÉ-UMHA, LOCH NA SÉAD, CO. ARD MHACHA

1

Uirlis cheoil í seo, corn, a sheinneadh daoine a chónaigh in Éirinn le linn na hIarnaoise, breis is 2200 bliain ó shin. Bhíodh sé le cloisteáil i bhfad ó bhaile. Bhí coirn den chineál céanna ag Ceiltigh san Eoraip. Shéideadh siad na coirn i gcathanna, chun scanradh a chur ar an namhaid.

AN BHFUIL MAISIÚ AR BITH AR AN GCORN? TICEÁIL AN FREAGRA.



TÁ



NÍL

CÉN UIRLIS CHEOIL
A SHEINNFEÁ CHUN EAGLA
A CHUR AR DHAOINE?
SCRÍOBH AN T-AINM ANSEO

BÁIDÍN ÓIR,
BRÚ ÍOCHTAIR, CO. DHOIRE

FÉACH AN BHFUIL BÁIDÍN
ÓIR IN AICE LÁIMHE.



2

Bhí ornáidí muiníl agus coire bheag in éineacht leis an mbáidín seo nuair a fuarthas é. Beirt fheirmeoir a tháinig orthu sa bhliain 1896 agus iad ag treabhadh ag Brú Íochtair, gar do thrá ársa Loch Feabhail! De réir na seanscéalta, tá baint idir Loch Feabhail agus seandia mara na hÉireann, Manannán mac Lir.

CÁ MHÉAD MAIDE RÁMHA
A FHEICEANN TÚ AR AN MBÁIDÍN?

BÁD ÓIR – BRONNTANAS MAITH
DO DHIA MARA, MEAS TÚ?

ISTEACH LEAT I LÁR AN TSEOMRA AGUS AIMSIGH CAILÍS ARDACH.



**CAILÍS ARDACH,
ARDACH, CO. LUIMNEACH**

RINNEADH CAILÍS ARDACH
1200 BLIAIN Ó SHIN, TIMPEALL
NA BLIANA

 AD.

AN BHFEICEANN TÚ
CEANNLITREACHA NA N-ASPAL
ATÁ SCRÍOFA AR AN GCUPA
AIRGID? SCRÍOBH CEANN
AMHÁIN ACU ANSEO.

3

Samhlaigh tú féin ag baint prátaí i ráth agus cailís thíos fút in ionad práta! Sin an tslí ar tháinig buachaill óg ar an gcailís airgid seo sa bhliain 1868, ag Riaráiste, Ardach, Co. Luimnigh. Cuirtear fíon sa chailís san Aifreann Chríostaí.

ARBH EOL DUIT?

BRONNTAR CORN SAM MAGUIRE GACH BLIAIN AR NA PEILEADÓIRÍ IS FEARR IN ÉIRINN. AR CHAILÍS ARDACH ATÁ AN CORN SIN BUNAITHE.

FÉACH DEALG NA TEAMHRACH IN AICE LÁIMHE.



DEALG NA TEAMHRACH,
BAILE AN BHIATAIGH, CO. NA MÍ.

4

Dealg í seo a rinneadh as airgead agus ór agus a chaith duine tábhachtach ar chlóca. Féach na hornáidí beaga óir agus an bhfeiceann tú cloigeann ainmhí ar bhiorán na deilge?

CÁ MHÉAD ÉAN GOB FADA
ATÁ AR BHIORÁN NA DEILGE?

CÁ MHÉAD SÚIL ATÁ AR
AN AINMHÍ AR BHIORÁN
NA DEILGE?

LEAN ORT TIMPEALL AN TAISPEÁNTAIS AGUS AIMSIGH SCRÍN I BHFOIRM LÁIMHE



Scrín a thugtar ar bhosca nó ar áit ina gcuirtear rud éigin naofa, lena thaispeáint nó lena choimeád slán. Cnámha lámh agus ghéag Naomh Lachtnán atá sa scrín seo.

AN BHFUIL NATHRACHA LE
FEICEÁIL AR AN LÁMH?

☐ TÁ ☐

ARBH EOL DUIT?

SCRÍN A THUGTAR AR RUD NÓ
AR ÁIT A BHFUIL RUD ÉIGIN
NAOFA ISTIGH ANN. CNÁMHA
LÁMH AGUS GHÉAG NAOMH
LACHTNÁIN ATÁ SA SCRÍN SEO.


SCRÍN LÁMH LACHTNÁIN,
DOMHNACH MÓR, CO. CHORCAÍ.

ISTEACH AN DORAS LEAT AG BUN AN TSEOMRA AGUS FÉACH AN BHFEICEANN TÚ CLOCH MHÓR AG AN GCÚLBHALLA.

6

	R		N
	Z		S
	NG		V
	G		L
	M		B
	Q		I
	C		E
	T		U
	D		O
	H		A

DÉAN IARRACHT
NA LITREACHA
OGHAIM A
FHEICEANN
TÚ AR AN
GCLOCH
OGHAIM Ó
MHÓIN AN
TSAGAIRT,
CO. CHORCAÍ
A BHREACADH
SÍOS



CLOCH OGHAIM

Is cosúil gur comharthaí le talamh a mharcáil a bhí i gcuid de na clocha oghaim; leaca a cuireadh suas i gcuimhne ar dhaoine móra le rá ab ea clocha eile, sin nó leaca uaigne. 20 litir atá san aibítir Oghaim a thaispeántar i bhfoirm línte ar uillinneacha difriúla trasna nó ar líne.

ARBH EOL DUIT?

OGHAM IS EA AN CHÉAD CHÓRAS SCRÍBHNEOIREACHTA IS EOL DÚINN IN ÉIRINN. BREIS IS 1600 BLIAIN Ó SHIN, SA 4Ú HAOIS AD, THOSAIGH DAOINE AG GEARRADH LITREACHA OGHAIM AR ADHMAD AGUS AR CHLOCH!

AN BHFEICEANN TÚ NA LEATHANAIGH LÁMHSCRÍBHINNE Ó SHALTAIR AN FHEADÁIN MHÓIR ATÁ AR TAISPEÁINT SNA CÁSANNA SA LÁR?



**SALTÁIR, AN FEADÁN MÓR,
CO. THIOBRAID ÁRANN**

7

An Feadán Mór is ainm don phortach i dTiobraid Árann mar a dtángthas ar an leabhar seo sa bhliain 2006.

Manach i mainistir a scríobh é. Callagrafaíocht a thugtar ar an scríbhneoireacht álainn a bhí ag na manaigh, agus tá líon beag daoine ann a chleachtann an ealaín sin fós. Timpeall 1200 bliain ó shin a scríobhadh an leabhar. Ba bheag duine ag an am sin a raibh léamh nó scríobh acu.

SCRÍOBH D'AINM ANSEO



ARBH EOL DUIT?

**LEABHAR DÁNTA AGUS
IOMANN ÓN MBÍOBLA,
AR A DTUGTAR SAILM,
IS EA SALTÁIR.**

MO ROGHA

8

CÉRBH É DO ROGHA DÉANTÁN
AS NA DÉANTÁIN AR FAD A CHONAIC
TÚ AR SHLÍ NA SEODLAINNE?
SCRÍOBH AN T-AINM ANSEO ARBH
EOL DUIT?

ARBH EOL DUIT?

DÉANTÁN IS EA RUD
A RINNE DAOINE SAN
AM ATÁ CAITE.

www.redandgreydesign.ie

**ISTEACH LEAT SA SEOMRA DEIRIDH
DEN TAISPEÁNTAS. NA DEARHTAÍ AGUS
NA PÁTRÚIN ATÁ AR NA DÉANTÁIN ATÁ
FAOI CHAIBIDIL ANSEO.**

NÁ DEARMAD CUIMILTEÁN A DHÉANAMH
DE NA PÁTRÚIN LE CRIÁIN AGUS PÁIPÉAR!

AN CRÍOCH

Chun Leathanaigh Ghníomhaíochta eile a fháil:
An Roinn Oideachais agus For-rochtana
Ard-Mhúsaem na hÉireann - Seandálaíocht
Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2a

Teileafón: 00 353 1 677 7444
Suíomh Gréasáin an Mhúsaeim:
www.museum.ie